BONAMAGRY FRIARY

Irish Translation

MAINISTIR BHUN NA MAIRGE

Contae Aontroma

An Suíomh

Cé go bhfuil galfchúrsa sa chomharsanacht is áit iontach álainn é an suíomh ginearálta. Ciallaíonn an logainm Bun na Mairge – 'foot of the Margy' (Abhainn Glenshesk agus Carey le chéile) agus tá an mhainistir suite san áit a dtéann na haibhneacha seo isteach san fharraige. Bhí idir aibhneacha agus an fharraige tábhachtach do na bráithre le haghaidh bia agus iompair. Faoin tír tá coillte agus féarach, mullach cruinn an tsléibhe Knocklayd san Oirdheisceart agus na dúnaibh agus an fharraige ó thuaidh le Reachlainn agus an t-oileán Albanach ar an iargúil. Tá an ceantar lán de shéadchomharthaí ársa – meigilití, dúnta agus tithe pobail: Is é dún Dhún Raithne an tulach sa ghalfchúrsa é atá oirdheisceart ón mhainstir Dunrainey; d'fhéadfadh le Dun a Mallaght sna crainn san Iarthar bheith ina thulach caisleáin; ar na beanna níos faide aniar tá ballóga Chaisleáin Dhún an Aonaigh de chlann Mhic Dhónaill.

Stair

Bunaíodh Bun na Mairge go mall i stair mhanachúil agus eaglasta an cheantair seo. Mhaigh na tithe pobail i gCulfeightrin, an paróiste ina bhfuil an mhainistir, agus a chomhbhaile Ramoan, trasna na habhann araon gurbh é Naomh Pádraig a mbunaitheoir é. Síltear gur bhunaigh Ruairí Mac Uilín Bun na Mairge thart fán bhliain 1500. Bhí sí ar cheann de na 44 mainistir ar a laghad, a bhunaigh an Tríú Ord de Gnáth-Phrionsiasaigh in Éirinn idir na 1420í agus díscaoileadh na mainistreacha i 1537. Ní raibh tionchar ar bith ag an Ord seo sa Bhreatain, ach bhí rath agus bláth mór orthu go háirithe in Éirinn, go háirithe sna ceantair is lú galldaithe de Chúige Uladh agus Chonnacht. Bhí mainistreacha an Tríú Ord níos lú agus níos simplí de ghnáth ná na cinn de chuid an Chéad Oird (Na Bráithre Liatha). Bhí saol simplí comhchoiteann ag na bráithre agus chuidigh siad le cléir an pharóiste i dtréadobair agus in oideachas.

Is bocht é méid na gcáipéisí atá ann ar Bhun na Mairge agus ní thig linn pictiúr mion a fháil ar a méid agus a gníomhaíochtaí ó fhoinsí scríofa. Cé go raibh a saol oifigiúil mar mhainistir gairid, lean sí ar aghaidh ag feidhmiú i ndiaidh a díscaoilte. Bhí a stair go mall sa 16ú céad foréigneach: i 1584, dódh teach an phobail (luaitear a dhíon ceann tuí) nuair a chuir na hÉireannaigh agus na hAlbanaigh na trúpaí Sasanacha lonnaithe ansin faoi ionsaí. Deisíodh é áfach, agus fiú i ndiaidh do na bráithre den Tríú Ord imeacht go luath sa 17ú céad, bhain Prionsiasaigh eile breacúsáid as na forgnimh, mar bhunáit dá gcuid oibre misinéara in Albain. Is dócha gur tréigeadh an mhainistir faoi dheireadh an 17ú céad ach leanadh ar aghaidh lena húsáid mar áit adhlactha. Tá a staid fhisiceach láithreach faoi chomaoin ag Cumann Staire Nádúrtha agus Fealsúnach Bhéal Feirste as a caomhnú i 1931. Chuir Comhairle Tuathcheantair Bhaile an Chaistil faoi Chúram Stáit í sa bhliain 1933.

Na foirgnimh

Is sainchomharthaí mealltacha agus suntasacha iad na foirgnimh gan díon. Tá an bealach isteach trí theach beag geata taobh thoir de na príomhfhoirgnimh. Bheadh smacht aige seo ar an teacht agus imeacht trí bhruach teorann, nach bhfuil ach iarsmaí beaga de le feiceáil anois. Ba dhorchla geata é an áit a bhfuil cosán anois agus os a chionn bhí seomra le fuinneog bheag sa bhinn sa Deisceart agus ghnáth-theallach le simléar suntasach sa Tuaisceart. Tá na ballaí, déanta le bholláin chruinne le teanntaí beaga cloiche, go suntasach difriúil ó na bolláin chearnógacha ghaineamhchloiche de bhallaí na bpríomhfhoirgneamh. Ón teach geata, tig leis an chuairteoir líne fhada foirgneamh a fheiceáil – ó thuaidh (ar dheis), an raon oirthearach, an deireadh oirthearach den teach pobail lena fhuinneog ard agus seipéal Mhic Dhónaill.

Is dronuilleog fhada chaol é an Teach Pobail (go hinmheánach 99 x 24 troigh, 6 orlach), plean na gnáthmhainistreach, ach gan chomhartha den túr ar gnáthchomhartha de chuid mhór mainistreacha é. Tá an fhuinneog oirthearach go hiontach fiú agus í damáiste. Is atógáil hipitéiseach den rianú bladhmannach (gáifeach) é an limistéar scáthlínithe dár líníocht. Tá an chomharsanacht eitrithe le haghaidh gloine agus ar an chúl bhí barraí iarainn. Tá an maisiúchán seachtrach de chinn, idirlása, duilliúr agus d'ainmhithe síondaite ach taitneamhach go fóill. Is léir gur atógáil í an fhuinneog atá ann faoi láthair ach tá áirse na seanfhuinneoige sofheicthe fós agus is iarsmaí de na seanbhacáin lipéid iad na clocha seachtracha snoite. Anseo agus in áiteanna eile tá an t-ardú i méid na n-adhlacthaí taobh amuigh den teach pobail soiléir. Bhí an príomhbhealach isteach do thuataí sa teach pobail tríd an doras iartharach, atá anois ar ceal (an balla láithreach iartharach nua-aimseartha den chuid is mó). Deirtear gur comhartha ar uaigh Julia McQuillan, 'an bhean rialta dubh' í an chros bheag phollta cheanndiosca taobh istigh de, bean ar dhíthreabhach í anseo i lár an 17ú céad. Níl fuinneog ar bith sa bhalla tuaisceartach (taobh an chlabhstra), ach sa bhall deisceartach tá doras ann agus d'fhéadfaí ceithre fhuinneog a bheith ann. Tá bac ar an dá bhealach isteach iartharacha, ach ta an tríú ceann oscailte agus tá sé maisithe ar an taobh amuigh.

Bhí an corp eaglaise do thuataí agus an saingeal sa taobh thoir do na bráithre. Níl spiara fisiceach ann anois ach ba dhócha go raibh scáthlán adhmaid ann. Caithfidh go raibh an saingeal lán de sholas ón mhórfhuinneog thiar agus ó fhuinneog mhór eile sa bhalla thoir a thugann amach chun séipéal Mhic Dhónaill. Tá na stallaí dona bráithre ar ceal ach tá bun na haltóra ann fós.

B'áiteanna adhlactha dá bpátrúin iad na mainistreacha meánaoiseacha, ba thailte tábhachtacha adhlactha iad cuid mhór díobh fóill fada go leor i ndiaidh a ndíscaoilte. Ó dheas den altóir san áit ónóra i mBun na Mairge tá tuama Mhic Dhónaill agus an séipéal gan díon os a chionn, a cuireadh leis an teach pobail go soiléir. Cláraíonn plaic shíondaite sa bhalla thoir a thógáil ag Ránall Mac Dónaill I 1621, is dócha gur tógadh an séipéal atá ann faoi láthair níos moille. Is comhartha é an mórthuama de 1630 ar an bhalla thoir den teach pobail ar uaigh teaghlaigh áitiúil thábhachtaigh eile, Clann Mhic Neachtain.

Sa taobh thuaidh den teach pobail bhí an clabhstra. Cuireann cealú iomlán na gcosán agus na stuaraí struchtúr adhmaid in iúl, ach tá an líne ag barr an chlaoin go dtí an díon agus clocha a ghobann amach (coirbéil) a rinne taca do mhaidí dín infheicthe.

An Raon Oirthearach Tugann doras in uillinn na heaglaise an raoin oirthearaigh chun dorchla thú a raibh rochtain aige ar an teach pobail agus ar an dá urlár den raon. Ar an bhunurlár tá doras a théann ó thuaidh go seomra beag boghta bairille le dhá chófra balla agus dhá haiste oscailte agus go seomra mór ó thuaidh (b'fhéidir gur chófraí ar dtús iad). Tá idir an seomra boghtach is mó sroichte trí dhoras ó chosán an chlabhstra agus ó dhoras eile sa bhinn thuaisceartach damáiste anois. Tá cófra sa bhalla thoir cóngarach don fhuinneog bheag singil a gcuireann leac uaighe bac air taobh amuigh. Ag dul ar ais go dtí an dorchla, tiocfaidh tú ar chéimeanna, tógtha go seiftiúil

le coirbéil agus lindéir i dtibhe an bhalla, a théann go dhá sheomra eile ar an chéad urlár. Tá bairr na mbrablach tuamaí faoi nochta anois, ach caithfidh go raibh urláir adhnmaid ann. Tagann solas isteach sa seomra is mó ó thuaidh trí sé fhuinneog, dhá cheann atá ina n-iomlán, na cinn eile a bhfuil leac fúthu nó go simplí bearnaí ann. Caithfidh go raibh baint ag an starr sa uillinn iarthuaisceart le háiseanna níocháin agus leithris ar leibhéal an chéad urláir agus leis an draein faoi. Bhí fuinneoga ina bhalla deisceartach agus oirthearach sa seomra is lú ag barr an staighre. Idir an bhinn agus an teach pobail tá gáitéar tógtha go cúramach, le huisce fearthainne a thagann ó dhíon na heaglaise a iompar, agus é a fholmhú thar fhuinneog an dorchla fúithi.

Feidhmeanna na Seomraí

Ba mhinic go raibh pleanáil na mainistreacha caighdeánach, ag cur aithinte mhuiníní na seomraí san áireamh, ach i mBun na Mairge ní hamhlaidh atá an scéal. In áit an dá nó na dtrí ghnáthraon d'fhoirgnimh thart ar chlabhstra níl ach ceann amháin. Tá sé deacair meas a dhéanamh ar na foirgnimh adhmideile a bhíodh ann, ach ní dócha go bhfuil foirgnimh mhóra eile chloiche ar ceal, mar sin de, is féidir linn an gnáthphlean manachúil a úsáid i gcás an raoin oirthearaigh. B'fhéidir gur úsáideadh an seomra is lú ar an bhunurlár mar sheomra caibidle agus shacraistí do chruinnithe agus stóráil na héide, na leabhar agus trealaimh eile. Ba dhócha go raibh roinnt feidhmeanna ag an seomra mór mar phroinnteach, seomra lae (d'obair istigh) agus b'fhéidir mar sheomra scoile, cé go bhfuil an solas sa seomra go dona. D'fhéadfaí an chócaireacht a dhéanamh i bhfoirgnimh d'ábhair mheatacha, atá anois ar ceal (léiríonn ár n-athchruthú cistin hipitéiseach láibthógála le draein ag an uillinn iardheisceartach den raon). Ba léir gur shuanlios é an seomra is mór níos mó ar an chéad urlár lena leithreas ag an taobh tuaisceartach de. Dá mbeadh cubhachail ag gach bráthair le fuinneog d'fhéadfaí sé cinn a bheadh ann. Níl feidhm an tseomra uachtaraigh níos lú cinnte: b'fhéidir gur thug sé príobháid do cheannasaí an tí. Bhí an chóiríocht sa teach geata anteoranta, ach d'fhéadfaí an seomra uachtarach daingean seo I struchúr mór cloiche bheith úsáideach in amanna trioblóide. Diomaite de na foirgnimh chloiche is féidir linn samhlú go raibh roinnt foirgneamh seachtracha adhmaid, gairdíní, úllord agus stoc ann.

Cé go bhfuil roinnt mhaith mionphointí inár n-athchruthú neamhchinnte, tá súil go dtugann sé léargas maith duit ar chuma fhéideartha na mainistreach bige seo roimh a díscaoileadh.

An Reilig

Mar go raibh clabhstraí ó thuaidh de ghnáth i mainistreacha na bPrionsiasach den Tríú Ord, ba é an suíomh ab fhearr don reilig ná ó dheas den teach pobail, agus is dócha gur seo an áit a bhfuil na huaigheanna is sine suite. D'fhéadfadh leis an doras sa bhalla deisceartach de chorp na heaglaise an bealach a oscailt go dtí an reilig, ach tá na huaigheanna anois spéite thart ar na foirgnimh. I gcoirnéal amháin tá uaigheanna mairnéalach ón dá chogadh domhanda, roinnt díobh gan ainm, carta ar an chladach, cuimhneachán brónach ba ea é ar cheann de dhualgais fhéideartha na mbráithre ceithre chéad ó shin mairnéalaigh ón am sin báite i bhfarraige fhabhtach an chósta seo a adhlacadh.

Tuilleadh léitheoireachta

Bigger, F. J. agus Fennell, W.J., The Ancient Franciscan Friary of Nun-na-Margie, special volume of the Ulster J. Archaeol. (1898); Leask, H. G., Irish Churches and Monastic Buildings, vol. 3 (1960); Gwynn, A. and Hadcock, R. N., Medieval Religious Houses: Ireland (1970).

Tá Mainistreacha eile faoi Chúram Stáit in Ard Mhacha (An Chéad Ord Prionsiasach) agus i mBaile Nua na hArda (Doiminiceach), agus tá Mainistreacha Cistéirseacha faoi Chúram Stáit in Inis agus sa Mhainistir Liath (An Dún).

Rochtain Tá an mhainistir (tag. eang. D 126408) sofheicthe ar an taobh dheisceartach den A1 go Bun Abhann Dalla, 1⁄2 míle soir ó Bhaile an Chaistil. Tá rochtain uirthi trí chosán ón bhóthar, oscailte ag gach am (bíonn seomraí bunurláir an raoin oirthearaigh faoi ghlas go minic, ach infheicthe tríd na geataí).